‘I Láthair’ - Scéim Chónaitheach d’Ealaíontóirí

Clár atá á reáchtáil mar chuid de Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Ceithre Bliana 2025 – 2028 an Oireachtais, maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta faoi threoir na Straitéise Náisúnta d’Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge

Critéir Roghnúcháin

Déanfar measúnú ar iarratais ó chleachtóirí / ealaíontóirí ar spéis leo a bheith rannpháirteach sa scéim agus bronnfar an chónaitheacht ar chúigear bunaithe ar na critéir seo:

CLEACHTAS EALAÍNE
Gur ealaíontóirí iad i réimsí na dtaibhealaíon teangabhunaithe Gaeilge lena n-áirítear: aisteoirí, drámadóirí, scéalaithe, amhránaithe agus cumadóirí/cleachtóirí ealaíon béil lena n-áirítear lúibíní, agallaimh bheirte, fílíocht, rap srl.
CAIGHDEÁN TEANGA
Taibhealaíontóirí a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu agus cumas oibriú trí mheán na Gaeilge i gcomhthéacs gairmiúil agus pobail.
TAITHÍ AGUS/NÓ ACMHAINN FORBARTHA
Tá an deis oscailte do thaibhealaíontóirí atá ag iarraidh cur lena gcleachtas gairmiúil, cibé staid dá gcleachtas ealaíne ag a bhfuil siad. Ní mór d’iarratasóirí fianaise a chur ar fáil: • go bhfuil siad ag cleachtadh i gceann de na taibhealaíona teangabhunaithe; nó • go bhfuil sé de chumas acu ardchaighdeán a bhaint amach i gceann de na taibhealaíona sin; nó • go bhfuil cáilíochtaí agus/nó taithí c(h)uí acu; nó • go n-aithnítear mar chleachtóir gairmiúil iad i measc a gcomhealaíontóirí. (Ní gá go mbeadh ioncam leanúnach acu óna gcleachtas ealaíne.)
RANNPHAIRTÍOCHT PHOBAIL
Go bhfuil spéis agus cumas acu dul i mbun oibre le pobail, le grúpaí áitiúla agus/nó le daoine óga agus iad ar chónaitheacht.

CUR CHUIGE COMHOIBRÍOCH
Go bhfuil siad oscailte do chomhoibiriú leis an ionad óstach, leis an Oifigeach Réigiúnach agus le healaíontóirí eile agus go bhfuil fonn orthu cur le forbairt na dtaibhealaíon teangabhunaithe Gaeilge i gcomharsanacht an ionaid chónaithe. Go bhfuil siad toilteanach dhá (2) imeacht airneáin bunaithe ar an traidisiún 'Time' a reáchtáil i gcomhar leis an ionad agus le healaíontóirí eile a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu, ar chuireadh ón ealaíontóir cónaitheach agus ón ionad. Is faoin ealaíontóir a bheidh sé nádúr an imeachta seo a shamhlú agus a chur i láthair i gcomhar leis an ionad. (Féadfaidh an t-imeacht seo a bheith bunaithe ar ealaín thraidisiúnta nó chomhaimseartha.)
FÍS AGUS CUSPÓIRÍ
Go léiríonn siad fís shoiléir don chónaitheacht agus tuiscint ar an gcaoi a gcuirfidh a gcuid oibre le forbairt na dtaibhealaíon teangabhunaithe Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht.